2025/222

6.2.2025

CINNEADH (AE) 2025/222 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 27 Eanáir 2025

maidir le rochtain ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag banc ceannais an Eurochórais agus ar chuntais bainc ceannais *(BCE/2025/2)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CHEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an ceathrú fleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 22 de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe an ceathrú fleasc d'Airteagal 3.1, Airteagal 12.1, Airteagal 22, agus arna léamh i gcomhar le Airteagal 17 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Oibríonn an tEurochóras córais íocaíochta faoina shainordú agus faoina chumhachtaí a leagtar amach i Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta) — go háirithe an ceathrú fleasc d'Airteagal 3.1, Airteagal 12.1, Airteagal 22, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 17 — agus i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais. Agus an méid sin á dhéanamh aige, tugann an tEurochóras aird chuí ar Airteagal 2, pointe (b), de Threoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), arna leasú le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/886 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), lena n-áirítear institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid, (dá ngairtear soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc, nó NB-PSPanna le chéile) i liosta na n-institiúidí atá incháilithe, faoi réir coinníollacha, le bheith ina rannpháirtithe i gcórais íocaíochta arna n-ainmniú faoin Treoir sin. Le hAirteagal 35a de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([3])arna chur isteach le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2024/886, forchuirtear coinníollacha breise — i gcomparáid le hinstitiúidí eile — nach mór do NB-PSPanna den sórt sin a chomhlíonadh sula n-iarrfar rannpháirtíocht i gcórais arna n-ainmniú faoi Threoir 98/26/CE. Ar deireadh, le hAirteagal 10(1) de Threoir (AE) 2015/2366, arna leasú le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2024/886, cuirtear ar a gcumas do NB-PSPanna cistí a gcliant a thaisceadh lena gcoimirciú i gcuntas ar leithligh in institiúid creidmheasa nó i mbanc ceannais de rogha an bhainc ceannais sin.

(2) Tá incháilitheacht NB-PSPanna chun rochtain a fháil ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag bainc cheannais an Eurochórais dírithe ar éifeachtúlacht agus feidhmiú rianúil na hearnála íocaíochtaí miondíola a mhéadú, lena n-áirítear soláthar íocaíochtaí meandracha a éascú ar fud an limistéir euro, ach gan a bheith teoranta dóibh.

(3) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun idirdhealú idir NB-PSPanna ar fhorais suímh bhunaithe a sheachaint, ba cheart do bhainc cheannais an Eurochórais cur chuige aonfhoirmeach a ghlacadh maidir le rochtain NB-PSPanna ar gach córas íocaíochta a oibríonn banc ceannais an Eurochórais agus ar chuntais bhainc cheannais. Dá bhrí sin, ba cheart do bhainc cheannais an Eurochórais sraith critéar neamh-idirdhealaitheach, oibiachtúil agus rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm chun rochtain dhíreach ag NB-PSPanna ar chórais íocaíochta den sórt sin arna n-oibriú ag banc ceannais an Eurochórais a cheadú. D'áiritheofaí leis sin go gcuirfeadh rochtain dhíreach ag NB-PSPanna sláine an mhargaidh chun cinn agus go dtacódh sí le hiomaíocht agus nuálaíocht in éiceachóras na seirbhísí íocaíochta, gan rioscaí a chruthú d'athléimneacht, do shláine ná do shlándáil na gcóras íocaíochta agus, dá bhrí sin, gan a bheith ina bhfoinse riosca shistéamaigh.

([1]) Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45)

([2]) Rialachán (AE) 2024/886 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 260/2012 agus (AE) 2021/1230 agus Treoracha 98/26/CE agus (AE) 2015/2366 a mhéid a bhaineann le haistrithe creidmheasa meandracha in euro (IO L, 2024/886, 19.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/886/oj).

([3]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh.1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch.35).

(4) Leagtar amach in Airteagal 35a (1) de Threoir 2015/2366 na coinníollacha sonracha is infheidhme maidir le NB-PSPanna ar mian leo a bheith rannpháirteach i gcórais íocaíochta arna n-ainmniú faoi Threoir 98/26/CE. Ní mór do na Ballstáit an nós imeachta a shainiú trína ndéantar measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin ag NB-PSPanna. Gan dochar do na nósanna imeachta sin, tá sé tábhachtach sraith chomhchoiteann ceanglas íosta a leagan síos ar leibhéal an Eurochórais a mbeadh ar NB-PSPanna ar mian leo rochtain a fháil ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag an mbanc ceannais iad a chomhlíonadh. Ba cheart na híoscheanglais sin a léiriú dá réir sin i dtéarmaí agus coinníollacha na gcomhaontuithe idir bainc cheannais an Eurochórais agus NB-PSPanna, agus ba cheart go n-áireofaí leo comhlíonadh ceanglas slándála áirithe agus ráitis ó NB-PSP nó ón údarás náisiúnta ábhartha, i measc nithe eile, a chur faoi bhráid bhanc ceannais ábhartha an Eurochórais lena ndeimhnítear a chomhlíonadh tosaigh, agus ina dhiaidh sin, leanúint de na coinníollacha mar a leagtar amach sa dlí náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 35a(1) de Threoir 2015/2366 chun feidhme, agus doiciméadacht tacaíochta bhreise a sholáthar i gcás ina n-iarrfaidh bainc cheannais an Eurochórais é sin.

(5) Le Treoir 98/26/CE agus Treoir (AE) 2015/2366, ní dheonaítear rochtain uathoibríoch do NB-PSPanna ar chórais íocaíochta an Eurochórais a oibrítear faoin gceathrú fleasc d'Airteagal 3.1 agus faoi Airteagail 17, 18 agus 22 de Reacht CEBC amhail an tUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna an Eurochórais. Tá TARGET struchtúrtha mar iliomad córas íocaíochta agus soláthraíonn sé cuntais le haghaidh socraíochta in euro in airgead bainc ceannais, agus dá bhrí sin tá ról ríthábhachtach aige i gcomhlíonadh bunchúraimí áirithe de chuid an Eurochórais, lena n-áirítear oibriú rianúil córas íocaíochta a chur chun cinn. Leagtar amach na critéir rochtain agus na rialacha maidir le rannpháirtíocht in TARGET i dTreoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/8). ([4])

(6) Tá sé mar aidhm ag an Eurochóras rochtain dhíreach ar TARGET a chur ar fáil do gach rannpháirtí incháilithe. Mar thoradh air sin, ba cheart do NB-PSPanna atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i TARGET scor de bheith cláraithe mar shealbhóirí cód aitheantóra gnó inteagmhála (BIC) nó mar pháirtithe inrochtana ar chuntas bainc cheannais an Eurochórais féin, cé is moite de chuntas teicniúil córais íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais i gcóras Socraíochta Íocaíochta Meandraí TARGET (TIPS).

(7) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar aon chur isteach nó tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar phróiseáil íocaíochta a dhéanfadh difear d'úsáideoirí deiridh a luaithe nach mbeidh NB-PSPanna áirithe cláraithe a thuilleadh mar shealbhóirí BIC inteagmhála nó mar pháirtithe inrochtana ar chuntas bainc cheannais an Eurochórais féin, tá gá le hidirthréimhse chun ascnamh NB-PSPanna den sórt sin atá incháilithe agus ar mian leo a bheith ina rannpháirtithe díreacha i TARGET a chumasú. Is iad na NB-PSPanna a mbeadh feidhm ag an idirthréimhse seo maidir leo na cinn sin atá cláraithe mar shealbhóirí BIC inteagmhála nó mar pháirtithe inrochtana ar chuntas bhainc cheannais an Eurochórais féin. Chaithfeadh fad na hidirthréimhse a bheith leordhóthanach chun cur i gcrích an chur chun feidhme riaracháin agus theicniúil uile is gá a éascú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tástála ag NB-PSPanna i gcomhar le bainc cheannais ábhartha an Eurochórais, agus chun ascnamh ileintiteas chuig samhail nasctha nua a cheadú gan ró-ualach míchuí a chur ar aon bhanc ceannais aonair de chuid an Eurochórais. Meastar go bhfuil idirthréimhse go dtí an 31 Nollaig 2025 réasúnta agus iomchuí maidir leis an gcur chun feidhme sin agus maidir le deireadh a chur de réir a chéile leis an nasc atá ann cheana ag NB-PSPanna áirithe le haghaidh próiseáil íocaíochta.

(8) Níor cheart go mbeadh seilbh ag NB-PSPanna ar chuntais i gcóras íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais an Eurochórais, lena n-áirítear TARGET, cé go bhfuil sé incheadaithe, ach amháin chun cistí a chur chun oibleagáidí socraíochta a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, níor cheart go rachadh an t-iarmhéid, ná na gabháltais, ar chuntais den sórt sin thar a bhfuil riachtanach chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Bheadh sé ag teacht salach ar a chuspóir cistí de bhreis ar an méid sin a chur ar chuntais arna sealbhú i gcóras íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais an Eurochórais. Ó thaobh na cobhsaíochta praghsanna agus airgeadais de, tá sé tábhachtach go n-úsáidfear na cuntais sin chun críocha íocaíochta agus nach mbainfear mí-úsáid astu chun críocha coimirce. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag uasmhéid sealúchais agus ba cheart an ceanglas sin chomh maith leis na forálacha maidir lena ríomh a léiriú dá réir sin i dtéarmaí agus coinníollacha na gcomhaontuithe idir bainc cheannais an Eurochórais agus na NB-PSPanna. Ba cheart don Eurochóras athbhreithniú a dhéanamh ar an modh chun na huasmhéideanna sealúchais a ríomh ag eatraimh shonraithe nuair a bheidh cobhsú sa tsamhail oibríochtúil agus chun treocht leanúnach aníos sna méideanna sin a laghdú.

([4]) Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Feabhra 2022 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) giniúna nua agus lena n-aisghairtear Treoirlíne BCE/2012/27 (BCE/2022/8) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 84).

(9) Maidir le cuntais i TARGET, ba cheart go dtabharfadh ríomh uasmhéideanna sealúchais comaoin iomchuí go ginearálta d'oibleagáidí socraíochta a eascraíonn as rannpháirtíocht dhíreach NB-PSP i gcórais íocaíochta choimhdeacha a shocraíonn i TARGET, agus ba cheart go mbeadh feidhm ag uasteorainn an tsealúchais go ginearálta freisin maidir le sealúchais NB-PSP ar chuntais theicniúla TARGET na gcóras coimhdeach sin. Mar sin féin, chuirfeadh ganntanas sonraí iontaofa ar na hiarmhéideanna atá i seilbh NB-PSP ar chuntais TARGET chun críocha nósanna imeachta sonracha coimhdeacha córais bac ar an bhfaireachán éifeachtach laethúil ba cheart do bhainc cheannais an Eurochórais a dhéanamh chun mí-úsáid na gcuntas sin ag NB-PSPanna a shainaithint trí leachtacht iomarcach a shealbhú. Go sonrach, níl infheictheacht ag bainc cheannais an Eurochórais ar na hiarmhéideanna atá i seilbh NB-PSPanna maidir leis na nithe seo a leanas: (a) Cuntais TARGET chun críocha nós imeachta socraíochta córais choimhdigh ollsocraíochta fíor-ama D (dá ngairtear 'nós imeachta socraíochta AS RTGS D' anseo feasta) dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid VI, Airteagal 6, a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8); agus (b) cuntais TARGET chun críocha nósanna imeachta coimhdeacha de chóras socraíochta íocaíochta meandraí TARGET (TIPS AS) dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid VII, a ghabhann leis an Treoirlíne sin. Dá bhrí sin, chun críocha reatha, níor cheart aon chistí atá i seilbh NB-PSP i gcuntais TARGET chun críocha nós imeachta socraíochta AS RTGS D nó nósanna imeachta socraíochta AS TIPS a áireamh agus uasteorainn an tsealúchais á ríomh, agus níor cheart go mbeadh feidhm ag aon teorainn den sórt sin maidir leis na cistí sin. Ina ionad sin, ba cheart córas tuairiscithe féinfhianaithe míosúil a thionscnamh do NB-PSPanna i gcás inarb ábhartha, chun a chur ar chumas bhainc cheannais ábhartha an Eurochórais faireachán a dhéanamh ar cibé an bhfuil cistí atá i seilbh NB-PSPanna ar chuntais TARGET chun na gcríoch sin á n-úsáid, i ndáiríre, chun oibleagáidí socraíochta a chomhlíonadh. Ba cheart a áireamh i gcóras tuairiscithe féinfhianaithe den sórt sin tuarascálacha, ar bhonn míosúil, ar bhuaicshealúchais agus ar mheánsealúchais laethúla thar oíche NB-PSP ar chuntais den sórt sin, chomh maith le buaicmhéideanna agus meánmhéideanna oibleagáide socraíochta laethúla NB-PSP a phróiseáiltear sa chóras coimhdeach comhfhreagrach.

(10) Ba cheart don Eurochóras athbhreithniú a dhéanamh ar an modh chun na huasmhéideanna sealúchais a ríomh ag eatraimh shonraithe nuair a bheidh cobhsú déanta sa tsamhail oibríochtúil agus chun treocht leanúnach aníos sna méideanna sin a chiorrú.

(11) Chun cultúr comhlíontachta a chothú leis na ceanglais a bhaineann le huasteorainneacha sealúchais, ba cheart do bhanc ceannais ábhartha an Eurochórais pionós a fhorchur ar NB-PSP a shealbhaíonn méideanna atá os cionn an uasmhéid sealúchais ábhartha ar chuntais den sórt sin. Chun sáruithe a dhéantar arís agus arís eile nó sáruithe córasacha a dhíspreagadh, aon teagmhas sáraithe lena mbaineann méideanna suntasacha os cionn na n-uasmhéideanna sealúchais ábhartha, nó mainneachtain aon mhéideanna barrachais den sórt sin atá i gcuntais NB-PSP a laghdú go pras tar éis iad a fháil, ba cheart é a bheith i measc na dteagmhas a mheastar a bheith ina neamhchomhlíonadh ábhartha leis na ceanglais is infheidhme. I gcásanna den sórt sin, ba cheart go gceadófaí do bhanc ceannais ábhartha an Eurochórais deireadh a chur le rannpháirtíocht an NB-PSP sa chóras íocaíochta ábhartha atá á oibriú ag an mbanc ceannais agus pionós breise a fhorchur i ndáil le haon chuntas a dhúntar mar thoradh air sin.

(12) Cé go gceanglaítear le Treoir (AE) 2015/2366 ar NB-PSPanna cistí a gcliant a chosaint trí chuntais choimirce a oscailt nó ar bhealaí eile, ní hé príomhfheidhm na mbanc ceannais gníomhú mar ionadaí ar institiúidí creidmheasa maidir le seirbhísí coimirce a sholáthar. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag tairiscint cuntas cosanta ó bhainc cheannais ar shábháilteacht agus ar fhóntacht fhoriomlán shásra tarchurtha an bheartais airgeadaíochta agus an chórais airgeadais i gcoitinne, agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh rioscaí suntasacha chun cinn maidir le cuspóirí an Eurochórais a bhaint amach, ar cuspóirí iad a bhaineann go sonrach le bainc cheannais. Áirítear ar na rioscaí sin eis-sreafaí taisce ó institiúidí creidmheasa, mar shampla i gcás ina mbeadh taiscí á sealbhú sa bhanc ceannais as a dtiocfadh dí-idirghabháil fhorchéimnitheach san earnáil baincéireachta tráchtála, rud a mbeadh tionchar diúltach aige ar infhaighteacht leachtachta agus a chuirfeadh bac ar tharchur éifeachtach an bheartais airgeadaíochta dá bhrí sin. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh airgeadra digiteach sintéiseach bainc ceannais, mar shampla, airgead leictreonach arna eisiúint ag NB-PSP agus a fhaigheann tacaíocht iomlán ó airgead bainc ceannais, an t-idirdhealú idir airgead bainc ceannais, sócmhainn socraíochta saor ó riosca creidmheasa agus leachtachta, agus airgead bainc tráchtála a dhoiléiriú. Dá dtaiscfí cistí custaiméara i mbainc cheannais, d'fhéadfadh an baol a bheith ann go ndéanfaí ríomh-airgead agus cineálacha eile airgid, lena n-áirítear airgead bainc ceannais, a chomhdhlúthú in aigne an phobail, rud a shaobhfadh braistintí riosca.

(13) Le Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([5])a bhfuil feidhm aige ón 30 Nollaig 2024, cuirtear d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní cistí a gcliant a choimirciú le hinstitiúid creidmheasa nó, i gcás ina mbeidh cuntas den sórt sin ar fáil, le banc ceannais. Sa chás deireanach sin, is faoi rogha bhainc cheannais an Eurochórais a bheidh sé fós aon chinneadh cuntais a thairiscint chun críocha coimircithe. Níor cheart rogha chosanta i mbainc cheannais an Eurochórais a thairiscint do sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní ar na cúiseanna céanna nár cheart í a thairiscint do NB-PSPanna, chomh maith le cothrom iomaíochta a choinneáil i measc na n-institiúidí éagsúla atá rannpháirteach i margadh na seirbhísí íocaíochta.

(14) Tá an fhoráil maidir le cuntais a chosaint lasmuigh de TARGET, i.e. i gcórais íocaíochta náisiúnta nó go díreach i leabhair bhanc ceannais an Eurochórais, ábhartha do na bunchúraimí a bhaineann le beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme agus oibriú rianúil córas íocaíochta a áirithiú agus dá bhrí sin tagann sí faoi raon feidhme Airteagal 17 agus Airteagal 22 de Reacht CEBC. Dá bhrí sin, ar an gcúis sin freisin, níor cheart do bhainc cheannais aonair an Eurochórais cuntais choimirce a thairiscint ná a sholáthar do NB-PSPanna agus do sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní. Chun amhras a sheachaint, níl cuntais theicniúla chórais choimhdigh le haghaidh nós imeachta socraíochta AS RTGS D nó cuntais theicniúla AS TIPS, cé gur cuntais cistí ráthaithe iad, ag coimirciú cuntas chun críocha Airteagal 10(1), pointe (a), de Threoir (AE) 2015/2366 nó chun críocha Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(15) Ba cheart a cheadú do NB-PSPanna a bhfuil rochtain acu ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag an mbanc ceannais ilchuntais socraíochta a oscailt, ag brath ar thairiscint oibreoir an chórais íocaíochta. Ós rud é nach ndéanfaí foráil sna cuntais iolracha sin maidir le cistí cliant a leithscaradh, ní chosnófaí na cuntais sin ar dhócmhainneacht.

(16) Tá Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) le leasú, agus mar sin ba cheart cur i bhfeidhm fhorálacha an Chinnidh seo a bhaineann le hiarrataí ó NB-PSPanna ar rochtain ar TARGET a chur siar go dtí an 16 Meitheamh 2025, arb é an dáta é ar gá na leasuithe ar Threoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) a chur i bhfeidhm, ar chúiseanna teicniúla.

(17) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus ar mhaithe le hailíniú théarmaí agus choinníollacha bhainc cheannais an Eurochórais mar oibreoirí córais íocaíochta nó bainc cheannais sealbhaíochta cuntais leis na leasuithe reachtacha ábhartha is déanaí de chuid an Aontais a éascú, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo a ailíniú leis an dáta faoina gceanglaítear ar na Ballstáit na leasuithe ar Threoir 98/26/CE agus ar Threoir (AE) 2015/2366 a dhéantar le Rialachán (AE) 2024/886, is é sin an 9 Aibreán 2025, a thrasuí,

TAR ÉÍS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'banc ceannais an Eurochórais' Banc Ceannais Eorpach nó banc ceannais náisiúnta Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige;

(2) ciallaíonn 'córas íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais' córas íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais Eurochórais lena n-áirítear córas comhpháirte de TARGET;

(3) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc' nó 'non-bank payment service provider, NB-PSP' aon cheann díobh seo a leanas:

a) institiúid íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (4), de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([6])cé is moite díobh siúd a thairbhíonn de dhíolúine de bhun Airteagal 2(5), nó Airteagail 32 nó 33 den Treoir sin;

([5]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

([6]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

b) institiúid ríomh-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([7])cé is moite de dhuine dlítheanach a thairbhíonn de tharscaoileadh faoi Airteagal 9 den Treoir sin;

(4) ciallaíonn 'cuntas coimirce' cuntas ar leithligh in institiúid chreidmheasa nó, de rogha bhanc ceannais an Eurochórais, sa bhanc ceannais sin, a osclaíonn ceachtar díobh seo a leanas:

a) soláthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc chun leithscaradh chistí a chliant ó chistí dílse an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc sin a áirithiú, chun críocha Airteagal 10(1), pointe (a), de Threoir (AE) 2015/2366;

b) soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní chun a áirithiú go gcosnófar cearta úinéireachta a chliant agus go gcoiscfear úsáid chistí a chliant dá chuntas féin, chun críocha Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]);

(5) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní' soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (15), de Rialachán (AE) 2023/1114;

(6) ciallaíonn 'ordú aistrithe airgid' ordú aistrithe airgid mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III, pointe (16) de Threoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8);

(7) ciallaíonn 'deireadh an lae gnó' an scoitham, dá bhforáiltear i rialacha an chórais íocaíochta ábhartha arna oibriú ag an mbanc ceannais, chun orduithe aistrithe airgid a shocrú don lá gnó sonrach sin.

Airteagal 2

Rochtain ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag an mbanc ceannais

1. Arna iarraidh sin, soláthróidh banc ceannais an Eurochórais rochtain ar a chórais íocaíochta arna n-oibriú ag an mbanc ceannais do sholáthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc (NB-PSP)a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas go léir:

a) déanann NB-PSP (nó tríú páirtí a dhéanann cúraimí den sórt sin a bhfuil NB-PSP fós faoi dhliteanas amháin i leith a ghníomhartha agus a neamhghníomhartha) slándáil an bhonneagair TF is gá chun nascadh leis an gcóras íocaíochta arna oibriú ag an mbanc ceannais a shuiteáil, a bhainistiú, a oibriú, a fhaire agus a áirithiú agus tá sé in ann orduithe aistrithe airgid a chur faoi bhráid an chórais íocaíochta arna oibriú ag an mbanc ceannais;

b) soláthraíonn NB-PSP aon fhaisnéis tacaíochta a mheasann an banc ceannais ábhartha le réasún a bheith riachtanach chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas chun rochtain a fháil ar chóras íocaíochta arna oibriú ag an mbanc ceannais;

c) cuireann NB-PSP rialuithe slándála leordhóthanacha chun feidhme chun a chórais a chosaint ar rochtain agus úsáid neamhúdaraithe, lena n-áirítear i ndáil le cibear-athléimneacht agus slándáil faisnéise;

d) cuireann NB-PSP faoi bhráid an bhainc ceannais ábhartha ráiteas arna eisiúint ag an údarás inniúil náisiúnta ábhartha nó ráiteas arna shíniú go cuí arna fhormheas ag comhlacht bainistíochta inniúil NB-PSP, lena ndeimhnítear sa dá chás go gcomhlíonann NB-PSP: (i) na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht a iarraidh i gcórais íocaíochta ainmnithe, mar a leagtar amach sna forálacha ábhartha den dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 35a(1) de Threoir 2015/2366; agus (ii) leis na nósanna imeachta a leagtar amach sna forálacha ábhartha den dlí náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 35a(2) de Threoir 2015/2366 chun feidhme.

Chun amhras a sheachaint, ní dhíolmhóidh aon ní sa mhír seo NB-PSPanna ó chomhlíonadh aon cheanglas, lena n-áirítear nósanna imeachta sonracha maidir le cur i bhfeidhm, is infheidhme maidir leo de bhun Threoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8).

2. Maidir le haon iarraidh ó NB-PSP chuig banc ceannais Eurochórais chun rochtain ar TARGET a sholáthar, beidh feidhm ag forálacha mhír 1 ón 16 Meitheamh 2025.

([7]) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun gnó foras airgid leictreonaigh, gnó den sórt sin a shaothrú nó maoirseacht stuamachta a dhéanamh air lena leasaítear Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

([8]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

3. Déanfaidh NB-PSP ar tugadh rochtain dó ar chóras íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais ráiteas a chur faoi bhráid an bhainc ceannais ábhartha uair amháin gach bliain maidir leis an rochtain sin, ar ráiteas é a bheidh sínithe ag a chomhlacht bainistíochta inniúil lena ndeimhnítear go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i mír 1, pointí (c) agus (d) á gcomhlíonadh go leanúnach ag NB-PSP. Beidh an banc ceannais ábhartha i dteideal an fhaisnéis a sholáthraítear i ráiteas den sórt sin a fhíorú agus aon doiciméadacht tacaíochta a mheasann sé le réasún go bhfuil gá léi a iarraidh.

4. Féadfaidh banc ceannais náisiúnta Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige ceanglais bhreise a áireamh ar NB-PSPanna maidir le rochtain a fháil ar a chórais íocaíochta a oibríonn banc ceannais, chun aghaidh a thabhairt ar phróifíl shonrach riosca a chórais íocaíochta a oibríonn banc ceannais seachas TARGET.

Airteagal 3

Cuntais i gcórais íocaíochta arna n-oibriú ag an mbanc ceannais agus gan cuntais choimirce a thairiscint

1. Ní thairgfidh ná ní sholáthróidh bainc cheannais an Eurochórais cuntais choimirce do NB-PSPanna ná do sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní.

2. Ní osclóidh bainc cheannais an Eurochórais cuntais seachas cuntais i gcórais íocaíochta arna n-oibriú ag an mbanc ceannais do NB-PSPanna atá incháilithe chun páirt a ghlacadh i gcórais íocaíochta den sórt sin arna n-oibriú ag an mbanc ceannais.

3. Maidir le cuntais TARGET a thairgtear chun críocha nós imeachta socraíochta córais choimhdigh um ollsocraíocht fíor-ama D dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid VI, Airteagal 6, a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) (dá ngairtear 'nós imeachta socraíochta AS RTGS D' anseo feasta) agus cuntais TARGET a thairgtear chun críocha nósanna imeachta socraíochta córais choimhdigh um íocaíochtaí meandracha TARGET (TIPS AS) faoi Iarscríbhinn I, Cuid VII, a ghabhann leis an Treoirlíne sin (dá ngairtear 'nósanna imeachta socraíochta AS TIPS' anseo feasta), ní mheasfar go bhfuil cuntais á gcoimirciú acu chun críocha mhír 1.

4. Déanfaidh bainc cheannais an Eurochórais, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025, deireadh a chur le rochtain do NB-PSPanna atá cláraithe mar shealbhóirí cóid aitheantóra gnó (business identifier code, BIC) inteagmhála nó páirtithe inrochtana ar chuntas bainc cheannais an Eurochórais féin in TARGET.

5. Faoi réir Airteagal 2(4), soláthróidh bainc cheannais an Eurochórais rochtain, go díreach nó ar shlí eile, do NB-PSPanna ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag an mbanc ceannais seachas TARGET ar an mbonn céanna agus a thairgtear rochtain den sórt sin do rannpháirtithe incháilithe eile.

6. Beidh luach saothair sealúchas ar gach cuntas atá i seilbh NB-PSPanna i ngach córas íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais Eurochórais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11). ([9])

Airteagal 4

Uasmhéideanna sealúchais

1. Ní rachaidh cistí a shealbhaíonn NB-PSP ag deireadh an lae gnó ar gach cuntas in aon chóras íocaíochta aonair arna oibriú ag banc ceannais, lena n-áirítear na cuntais TARGET a shonraítear i mír 2, thar an uasmhéid sealúchais is infheidhme maidir leis an gcóras íocaíochta sin.

2. Áireofar sna cistí dá dtagraítear i mír 1 cistí atá i seilbh NB-PSP ag deireadh an lae gnó in aon cheann de na cuntais seo a leanas i TARGET:

(a) Príomhchuntas Airgid (MCA) dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid II, a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8);

(b) Cuntas Airgid Tiomnaithe RTGS (DCA RTGS) dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid III, a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8);

(c) Cuntais airgid thiomnaithe socraíochta íocaíochta meandraí TARGET (TIPS DCA) dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid V, a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8).

([9]) Cinneadh (AE) 2024/1209 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2024 maidir le luach saothair taiscí beartais neamhairgeadaíochta arna sealbhú le bainc cheannais náisiúnta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2024/11) (IO L 2024/1290, 3.5.2024 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1209/oj).

3. Ní áireofar sna cistí dá dtagraítear i mír 1 cistí atá i seilbh NB-PSP ar chuntais i TARGET chun críocha nós imeachta socraíochta AS RTGS D nó nósanna imeachta socraíochta AS TIPS.

4. Déanfar uasmhéid an tsealúchais dá dtagraítear i mír 1 a ríomh mar a leanas:

(a) I gcás ina raibh an NB-PSP ag feidhmiú ar feadh tréimhse 12 mhí roimh a iarratas ar rochtain ar chóras íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais, is é a bheidh san uasmhéid sealúchais dhá oiread bhuaicluach na n-orduithe aistrithe airgid amach, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, orduithe aistrithe córais choimhdigh ach gan aistrithe leachtachta an NB-PSP ar aon lá gnó le linn na tréimhse 12 mhí féilire roimhe sin a chur san áireamh. Áireoidh NB-PSP ríomh mionsonraithe an uasmhéid sealúchais sin ina iarratas chuig banc ceannais ábhartha an Eurochórais chun páirt a ghlacadh sa chóras íocaíochta arna oibriú ag an mbanc ceannais.

(b) I gcás nach raibh NB-PSP ag feidhmiú ar feadh tréimhse 12 mhí roimh a iarratas ar rochtain ar chóras íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais, is é a bheidh san uasmhéid sealúchais dhá oiread bhuaicluach iomlán ionchasach NB-PSP na n-orduithe aistrithe airgid amach lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, orduithe aistrithe córais coimhdeacha ach gan aistrithe leachtachta san áireamh. Áireoidh NB-PSP a ríomh mionsonraithe ar an uasmhéid sealúchais atá beartaithe ina iarratas chun bheith rannpháirteach sa chóras íocaíochta arna oibriú ag an mbanc ceannais.

(c) Sa tréimhse 12 mhí tar éis oscailt an chéad chuntais ghníomhaigh sa chóras íocaíochta atá á oibriú ag an mbanc ceannais, déanfaidh banc ceannais ábhartha an Eurochórais an t-uasmhéid sealúchais do gach NB-PSP a athríomh gach mí le linn na chéad ráithe, agus ina dhiaidh sin, gach ráithe. Beidh feidhm ag uasmhéid athríofa sealúchais den sórt sin ón gcéad lá gnó eile tar éis do bhanc ceannais ábhartha an Eurochórais fógra a thabhairt do gach NB-PSP agus go dtí an chéad athríomh eile.

(d) Tar éis na chéad tréimhse 12 mhí tar éis oscailt an chéad chuntais ghníomhaigh sa chóras íocaíochta atá á oibriú ag an mbanc ceannais, déanfaidh banc ceannais ábhartha an Eurochórais an t-uasmhéid sealúchais a athríomh uair sa bhliain. Beidh an t-athríomh bunaithe ar bhuaicluach iomlán iarbhír NB-PSP na n-orduithe aistrithe airgid amach go léir lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, orduithe aistrithe córais coimhdeacha ach gan aistrithe leachtachta le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin sa chóras íocaíochta ábhartha a oibríonn an banc ceannais a áireamh ná faisnéis arna soláthar do bhanc ceannais ábhartha an Eurochórais i gcomhréir le pointí a) agus b).

(e) In imthosca eisceachtúla, féadfaidh banc ceannais ábhartha an Eurochórais, dá rogha féin, an t-uasmhéid sealúchais a athríomh ar bhonn ad hoc, i gcás athrú suntasach ar luachanna socraíochta NB-PSP atá ar tí tarlú nó a tharla cheana féin agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le neamhchomhlíonadh an uasmhéid sealúchais ábhartha. Déanfar aon athríomh den sórt sin i gcomhréir le pointe (b).

5. I gcás ina sáraíonn na cistí iomlána ar chuntais an NB-PSP an t-uasmhéid sealúchais is infheidhme, déanfaidh NB-PSP bearta láithreach chun na cistí iomlána sin atá á sealbhú a laghdú go méid atá faoi bhun an uasmhéid sealúchais. Mura féidir laghdú den sórt sin a dhéanamh mar gheall ar íocaíocht isteach go gairid roimh dheireadh an lae gnó, déanfar an laghdú gan moill mhíchuí tar éis thús an chéad lae gnó eile.

6. I gcás ina bhfuil NB-PSP ina rannpháirtí díreach i gcóras íocaíochta atá ina chóras coimhdeach le TARGET, agus go mbraitheann sé ar nós imeachta socraíochta AS RTGS D nó ar nósanna imeachta socraíochta AS TIPS, tuairisceoidh an NB-PSP sin do bhanc ceannais ábhartha an Eurochórais ar bhonn míosúil an bhuaicshealúchas laethúil agus an meánshealúchas laethúil thar oíche ar chuntais theicniúla ábhartha chóras coimhdeach TARGET. Tuairisceoidh NB-PSP freisin, ar bhonn míosúil, a bhuaicmhéideanna agus a mheánmhéideanna oibleagáide socraíochta laethúla arna bpróiseáil sa chóras coimhdeach comhfhreagrach.

7. Déanfaidh BCE athbhreithniú ar an gcineál cuntas atá liostaithe i mír 2 tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an dáta a mbeidh feidhm ag an gCinneadh seo, agus ar a laghad gach trí bliana ina dhiaidh sin. Déanfaidh BCE athbhreithniú ar an modh chun an t-uasmhéid sealúchais a thuairiscítear i mír 4 a ríomh tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm, agus ar a laghad gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Airteagal 5

Neamhchomhlíonadh uasteorainn an tsealúchais nó ceanglais maidir le rochtain ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag an mbanc ceannais

1. I gcás nach gcomhlíonann NB-PSP ceanglais Airteagal 4, forchuirfidh banc ceannais ábhartha an Eurochórais pionós ag ráta 0,03 % ar an méid iomlán os cionn an uasmhéid sealúchais atá i seilbh NB-PSP ar na cuntais go léir ag deireadh an lae gnó i ngach córas íocaíochta arna oibriú ag banc ceannais ábhartha an Eurochórais, agus pionós laethúil breise EUR 1 000 in aghaidh gach lae neamhchomhlíonta.

2. I gcás nach bhfuil neamhchomhlíonadh ábhartha le ceanglais Airteagal 4 leigheasta ag NB-PSP, féadfaidh banc ceannais ábhartha an Eurochórais rannpháirtíocht NB-PSP sa chóras íocaíochta arna oibriú ag an mbanc ceannais a fhoirceannadh ar fhógra míosa amháin agus forchuirfidh sé pionós aonuaire breise EUR 1 000 in aghaidh gach cuntais dhúnta.

Chun críche na míre seo, measfar gach ceann de na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a bheith ina neamhchomhlíonadh ábharthach: sárú córasach nó athshárú ar an uasteorainn ábhartha sealúchais, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do shárú lena mbaineann méid suntasach atá os cionn na huasteorann ábhartha sealúchais; agus b) mainneachtain an méid atá á shealbhú ar an gcuntais ábhartha a laghdú faoi bhun an uasmhéid sealúchais faoi dheireadh an lae gnó tar éis an lae gnó ar a bhfaightear na cistí.

3. Mura gcomhlíonann NB-PSP na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 2(1) a thuilleadh, féadfaidh banc ceannais ábhartha an Eurochórais rannpháirtíocht an NB-PSP sin sa chóras íocaíochta arna oibriú ag an mbanc ceannais a fhoirceannadh gan fógra a thabhairt roimh ré.

4. I gcás nach gcomhlíonann NB-PSP na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2(3), féadfaidh banc ceannais ábhartha an Eurochórais rannpháirtíocht an NB-PSP sin sa chóras íocaíochta arna oibriú ag an mbanc ceannais a fhoirceannadh ar fhógra míosa amháin.

5. Déanfaidh BCE athbhreithniú ar fhorálacha an Airteagail seo tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an dáta a mbeidh feidhm ag an gCinneadh seo, agus gach trí bliana ar a laghad ina dhiaidh sin.

Airteagal 6

Leasú ar théarmaí agus ar choinníollacha córas íocaíochta arna n-oibriú ag an mbanc ceannais

Leasóidh bainc cheannais an Eurochórais téarmaí agus coinníollacha na gcóras íocaíochta go léir arna n-oibriú ag an mbanc ceannais chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 2 go dtí 5 a chur san áireamh nuair is ábhartha.

Article 7

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfíchiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón 9 Aibreán 2025.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 27 Eanáir 2025.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE